# Nuachtlitir Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí Eagrán 2: Deireadh Fómhair 2020

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

**A Chomhghleacaithe OR,**
Fáilte go dtí eagrán Dheireadh Fómhair de nuacht-litir OR na Sraithe Sóisearaí. Tá súil againn go bhfuil tú socraithe isteach sa téarma acadúil ag an tréimhse dhúshlánach seo.

**Dáta don dialann: Seimineár Gréasáin OR**

Beidh muid ag tosú ar chlárú go luath dár seimineár gréasáin atá le bheithar siúl Dé Luain 2 Samhain ó 6:30-7:15pm agus muid ag seoladh ac-mhainn nua spreagúil don OR. Is tríd an r-phost a sheolfar sonraí a bheas ar fáil freisin ar www.jct.ie.

**Imeachtaí agus ceiliúrthaí atá le teacht ar an bhféilire idirchreidimh**

**Dátaí do do dhialann - Deireadh Fómhair 2020**

| | |
|---|---|
| **4 Deir.** | **Fómhair Lá Naomh Proinsias – (Críostaí)** |
| **17** | **Lá Idirnáisiúnta chun Deireadh a chur leis an mbochtaineacht** |
| **17-24** | **Navaratri - (Hiondúchas)** |
| **29** | **Lá Breithe Mahamad Fáidh** |

**Príomhscil i bhfócas: Cruthaitheacht**


Tá an phríomhscil 'A Bheith Cruthaitheach' ríthábhachtach agus muid ag oiriúnú ár gcuid teagaisc don seomra ranga ina mbíonn scaradh fisiciúil nó ós rud é go bhféadfadh ár gcuid scoláirí a





bheith páirteach san fhoghlaim ón mbaile. In 'A bheith cruthaitheach', áirítear:

- Samhlaíocht
- Roghanna agus malairtí rogha a fhiosrú
- Smaointe a chur i bhfeidhm agus gníomh a dhé-namh
- Foghlaim go cruthaitheach
- Cruthaitheacht a spreagadh ag baint úsáid as teicneo-laíocht dhigiteach

Cuirfear tús le seachtain na scoileanna cruthaitheacha an chéad seachtain i mí na Sam-hna. Chun na healaíona agus an chruthaitheacht a spreagadh sa seomra ranga, cliceáil anseo le haghaidh roinnt acmhainní agus naisc úsáideacha.




Cuirfear tús le seachtain na scoileanna cruthaitheacha an chéad seachtain i mí na Samhna. Chun na healaíona agus an chruthaitheacht a spreagadh sa seomra ranga, cliceáil anseo le haghaidh roinnt acmhainní agus naisc úsáideacha.

D'fhág Sir Ken Robinson a fuair bás i mí Lúnasa oidhreacht chun aird a tharraingt ar thábhacht na cruthaitheachta san oideachas.
De réir Robinson, "Is í an tsamhlaíocht fréamh na cruthaitheachta. Is é an cumas é rudaí nach bhfuil i láthair dár gcéadfaí a mheabhrú ... Is í an chruthaitheacht an próiseas ina mbíonn smaointe bunaidh ag duine a bhfuil luach leo."
Níor mhiste féachaint anseo ar a Chaint TSD (Teicneolaíocht, Siamsaíocht & Dearadh):

Agus an fócas seo ar chruthaitheacht ar intinn, tá roinnt bealaí cruthaitheacha curtha san áireamh againn chun ár scoláirí a chur ag obair sa rannóg theicneolaíochta thall.
https://www.youtube.com/watch?v=iG9CE55wbtY

@jct_RE www.jct.ie info@jct.ie

## Athfhriotal na míosa



*"Ní féidir an chruthaitheacht a ídiú, mar is mó a úsáideann tú mar is mó a bhíonn agat."*
- Maya Angelou

## Leideanna teicneolaíochta


Ceann de ghnéithe na príomhscile 'A Bheith Cruthaitheach' is ea é an phríomhscil a chothú agus an chruthaitheacht a spreagadh ag baint úsáid as teicneolaíocht dhigiteach. An mhí seo is mian linn aird a tharraingt ar Animoto mar shuíomh gréasáin úsáideach agus mar aip do thionscadail chruthaitheacha. Tugann Animoto faill d'úsáideoirí físeáin a tháirgeadh ina mbíonn meascán de ghrianghraif, gearrthóga físe, téacs agus ceol. Is bealach iontach é do scoláirí a gcuid foghlama a chur i láthair. Is féidir le múinteoirí clárú le haghaidh cuntas oideachais saor in aisce agus tagann 50 ceadúnas saor in aisce leis sin do do chuid scoláirí. Féach: https://animoto.com/education/classroom

Chruthaigh muid físghabháil scáileáin teagaisc ar conas Animoto a úsáid. Cliceáil anseo chun féachaint ar an bhfíseán.

Más mian leat sampla d'fhíseán Animoto a fheiceáil, seo ceann a chruthaigh muid anuraidh den oiliúint a fuair ár gcomhlaigh - cliceáil anseo.

## Straitéis foghlama a mholtar don seomra ranga ina gcleachtar an scaradh sóisialta

Tá Foireann SSM don Scoil Uile tar éis athchuspóir a cheapadh do 24 cinn de na straitéisí teagaisc agus foghlama reatha do scoláirí agus do mhúinteoirí sa seomra ranga ina mbíonn an scaradh sóisialta agus do scoláirí a bhíonn ag plé le foghlaim ar líne ón mbaile. Tá siad ar fáil le híoslódáil i bhformáid PDF. Cabhróidh sé seo le gach scoláire maidir le dul chun cinn ina gcuid foghlama sna cúinsí neamhghnácha ina bhfuilimid i mbliana.



Le fócas ar an gcruthaitheacht an mhí seo molaimid daoibh an Straitéis Smaointeoireachta nuashonraithe Spéir Ghorm a thriail le scoláirí:

https://www.jct.ie/wholeschool/strategies_for_active_engagement/Blue%20Sky.pdf

## OR sa Nuacht



Agus Rosh Hashanah, bliain nua na nGiúdach, á ceiliúradh i mí Mheán Fómhair bhí roinnt ailt shuimiúla ann maidir leis an ócáid a cheiliúradh agus srianta Covid i bhfeidhm.
I gclár faisnéise RTÉ 'Scartha Le Chéile' léirigh Rabbi Zalman Lent conas a éiríonn le daoine teacht ar bhealaí nuálacha chun na dúshláin a bhaineann le haonrú agus le scaradh sóisialta a shárú. Cliceáil anseo é sin nó féach an nasc thíos.
https://www.rte.ie/player/movie/together-apart/153725992262

## MRB 1

Tugadh amach na dátaí do MRB 1:

- Uain lena dhéanamh: **Dé Céadaoin 6 Eanáir – Dé hAoine 14 Bealtaine, 2021**
- An dáta is déanaí ag an múinteoir chun tuairiscíní sealadacha a bhronnadh: **Dé Céadaoin 19 Bealtaine, 2021**
- An dáta is déanaí chun Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a dhéanamh agus don mhúinteoir lena chuid tuairiscíní deiridh a bhronnadh: **Dé Céadaoin 26 Bealtaine, 2021**

Féach an doiciméad nasctha le haghaidh tuilleadh sonraí:
https://ncca.ie/media/4684/ncca_cbas_for_student_cohort_2018-2021.pdf

## An tEolas is Déanaí faoin bhFoireann OR

Guímid gach rath ar ár gcomhghleacaí Niall Mulpeter agus é ag imeacht ón bhfoireann OR chun post nua a ghlacadh le BOOÉ.

## Liosta ríomhphoist

Má tá aithne agat ar aon chomhghleacaithe nach bhfuair an nuachtlitir seo, spreag iad chun clárú lenár liosta seoltaí ar **www.jct.ie** nó trí chliceáil anseo.

*Meas cineálta agus a bheith sábháilte,*

*Foireann an Oideachais Reiligiúnaigh*